**Rang 3 & Rang 4**
**Ceol**

# Ciúb Amhrán



Bíonn díslí thar cionn le cluichí boird a imirt. Is féidir iad a úsáid leo féin chomh maith chun cluichí spraíúla a chumadh!

Is féidir iad a chailleadh go héasca freisin, mar sin seo deis duit do dhísle féin a dhéanamh.


# Cleachtadh 1

**Déan Ciúb Amhrán**




Seo cluiche ceoil ar féidir leat é a imirt sa bhaile le dísle atá déanta agat féin.

**Céim 1:** Gearr amach na patrúin thíos le cúnamh ó dhuine fásta.



# Cleachtadh 1

## Déan Ciúb Amhrán



### Céim 2

Beidh cruthanna agat cosúil leis na cinn atá ag Múinteoir John sa phictiúr thíos. Bí cinnte go bhfágfaidh tú na flapaí beaga ar na cearnóga is faide amuigh.



# Cleachtadh 1

**Céim 3**

Déan gach líne a fhilleadh chomh díreach agus gur féidir leat. Ansin fill na flapaí beaga ó nascfaidh siad seo an ciúb le chéile.



**Céim 4**

Cuir gliú ar na flapaí go cúramach. Ná cuir gliú ar aon taobh eile.



# Cleachtadh 1

### Céim 5

Fill an patrún ionas go mbeidh cruth ciúib air agus brúigh na flapaí in aghaidh thaobhanna an chiúib ionas go gcoinneofar an cruth sin.



### Céim 6

Ar an **gcéad Chiúb Amhrán**, scríobhfaimid teideal amhráin ar gach aon taobh den dísle. Beidh sé amhrán san iomlán mar sin. D'fhéadfá úsáid a bhaint as amhráin amhail Bean Pháidín, Báidín Fheilimí, Peigín Leitir Móir, agus Trup Trup a Chapaillín.

Scríobh teideal amhráin ar gach cearnóg mar atá á dhéanamh sa phictiúr thíos.



# Cleachtadh 1


**Céim 7**

Déanaimis amhlaidh leis **an dara ciúb.**


Scríobh gluaiseachtaí ar gach aon taobh den dísle. Cuimhnigh go bhfuil sé cinn ag teastáil.

Gluaiseachtaí samplacha: Bualadh bos, Canadh, Greadadh, Drumadóireacht, Luascadh.

Bíodh díslí agat cosúil leis an bpéire thíos!




**Conas an cluiche a imirt:**



Caith dísle amháin agus feicfidh tú cén amhrán a bheidh le canadh agat. Caith an dísle eile agus feicfidh tú cén ghluaiseacht atá le déanamh agat.


# Cleachtadh 1

Mar shampla: Fuair Múinteor John “Croiteoir Ríse” agus “B-I-N-G-O.” Mar sin, d’úsáid sé croiteoir ríse mar uirlis ceoil agus chan sé an t-amhrán B-I-N-G-O!




Má fhaigheann tú “Drumadóireacht”, lig ort ort gur drumadóir thú, mar a rinne Múinteoir John.

Is féidir leat rialóirí nó pinn luaidhe nó scuaba péinte a úsáid mar bhataí druma!




# Cleachtadh 2

**Déan Dísle**

Tá sé an-éasca dísle a chailleadh nuair atá cluiche boird á imirt agat. Mar sin seo bealach deas chun do dhísle féin a dhéanamh!

Gearr amach an dearadh thíos le cúnamh ó dhuine fásta. Fill na cearnóga agus na flapaí beaga chun ciúb a dhéanamh mar a rinne tú leis na Ciúib Amhrán.



# Cleachtadh 3

Tá go leor díslí againn anois, mar sin imrímis cluiche boird! Má bhaineann tú dréimire amach, is féidir leat aicearra a thógáil! Ach má bhuaileann tú le púca, ní mór duit gabháil siar.

